Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1812

27.6.2024

# CINNEADH (AE) 2024/1812 ÓN gCOMHAIRLE

## an 21 Meitheamh 2024

## lena leasaítear Cinneadh 1999/70/CE maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta, a mhéid a bhaineann le hiniúchóir seachtrach Národná banka Slovenska

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Phrótacal Uimh. 4 maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 27.1 de,

Ag féachaint don Mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach an 18 Aibreán 2024 chuig Comhairle an Aontais Eorpaigh maidir le hiniúchóirí seachtracha Národná banka Slovenska (BCE/2024/14) ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá iniúchóirí seachtracha neamhspleácha, atá molta ag Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) agus a fhormheasann Comhairle an Aontais Eorpaigh le hiniúchadh a dhéanamh ar chuntais BCE agus ar chuntais bhainc ceannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu.

(2) Tiocfaidh deireadh le sainordú iniúchóir seachtrach reatha Národná banka Slovenska, Deloitte Audit s.r.o., tar éis an iniúchta don bhliain airgeadais 2023. Dá bhrí sin, is gá iniúchóir seachtrach a cheapadh ón mbliain airgeadais 2024 ar aghaidh.

(3) Tá Grant Thornton Audit, s.r.o. roghnaithe ag Národná banka Slovenska mar iniúchóir seachtrach do na blianta airgeadais 2024 go 2027.

(4) Mhol Comhairle Rialaithe BCE go gceapfaí Grant Thornton Audit, s.r.o. mar iniúchóir seachtrach Národná banka Slovenska do na blianta airgeadais 2024 go 2027, agus rogha ann síneadh a chur leis an sainordú do na blianta airgeadais 2028 go 2030.

(5) De réir an mholta ó Chomhairle Rialaithe BCE, ba cheart Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle ([2]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 1 de Chinneadh 1999/70/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 16:

‘16. Leis seo, ceaptar Grant Thornton Audit, s.r.o. mar iniúchóir seachtrach Národná banka Slovenska do na blianta airgeadais 2024 go 2027.’.

*Airteagal 2*

Gabhfaidh éifeacht leis an gCinneadh seo an dáta a thabharfar fógra faoi.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an mBanc Ceannais Eorpach.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Meitheamh 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

V. VAN PETEGHEM

([1]) IO C, C/2024/3031, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3031/oj.
([2]) Cinneadh 1999/70/CE ón gComhairle an 25 Eanáir 1999 maidir le hiniúchóirí seachtracha na mbanc ceannais náisiúnta (IO L 22, 29.1.1999, lch. 69).